



Ráiteas um Chosaint Sonraí ar eTenders

Fáilte chuig an bhfógra príobháideachais don ardán eTenders. Tá an fógra seo ann chun gach úsáideoir cláraithe de chuid an ardáin seo a chur ar an eolas faoin gcaoi a ndéantar a sonraí pearsanta a láimhseáil agus faoina gcearta príobháideachais. Tá sé mar aidhm leis an bhfógra seo faisnéis a thabhairt maidir le conas a bhailítear agus a phróiseálfar sonraí pearsanta trí úsáid a bhaint as an ardán seo, lena n-áirítear aon sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil nuair a chláraítear mar úsáideoir nó nuair a ghlactar páirt i gcomórtas tairisceana ar an ardán.

1. Réamhrá

Is ardán r-thairisceana de chuid Rialtas na hÉireann é eTenders (www.etenders.gov.ie) atá á riaradh ag an Oifig um Sholáthair Rialtais (OGP). Is áis lárnach é an t-ardán do gach Údarás Conarthach san earnáil phoiblí (ceannaitheoirí) chun deiseanna soláthair agus fógraí dámhachtana a fhógairt. Nuair a fhoilsítear fógraí tairisceana, féadfaidh Oibreoirí Eacnamaíocha (soláthraithe) iarratas a dhéanamh páirt a ghlacadh, doiciméid soláthair rochtana agus freagraí a chur faoi bhráid an Údaráis Chonarthaigh a d'fhoilsigh an fógra tairisceana.

De bharr gur féidir le cuairteoirí eTenders a bhrabhsáil, caithfear clárú ar eTenders chun úsáid a bhaint as seirbhísí ríomhsholáthair.

Úsáidtear na sonraí pearsanta a sholáthraíonn ceannaitheoirí agus soláthraithe mar chuid den chlárúchán chun na nithe a leanas a dhéanamh: riaradh OGP ar an ardán eTenders, lena n-áirítear ríomhphoist a eisiúint d'úsáideoirí cláraithe le nuashonruithe a bhfuil siad tar éis suibscríobh dó agus/nó faisnéis eile a bhaineann le hardán a chur in iúl dóibh (e.g., fógra maidir le hathruithe, cothabháil, saincheisteanna teicniúla nó iarratais chun faisnéis a thabhairt cothrom le dáta), suirbhéanna a dhéanamh anois is arís ar shástacht úsáideoirí cláraithe, fógraí soláthair phoiblí a tharchur chuig Coimisiún AE lena bhfoilsíú san IOAE, bainistiú ag Údaráis Chonarthaigh maidir le malartú ríomhfhaisnéise idir ceannaitheoirí agus soláthraithe mar chuid de chomórtais tairisceana; agus cumarsáid ó Choimisiún AE chuig Údaráis Chonarthaigh maidir le fógraí soláthair phoiblí.

Úsáidtear aon sonraí pearsanta a sholáthraítear mar chuid de na doiciméid freagartha tairisceana chun ligean d'Údaráis Chonarthaigh comórtais tairisceana a sheoladh agus meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí a taisceadh.

Cad é an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)?

Is córas dlíthiúil é dlí cosanta sonraí a rialaíonn faisnéis a lorg agus a thabhairt (sonraí pearsanta) faoi dhuine aonair aitheanta (ábhar sonraí). Leagtar amach le dlí cosanta sonraí cearta daoine aonair maidir lena sonraí pearsanta agus freagrachtaí na ndaoine sin a dhéanann an fhaisnéis seo a lorg agus a úsáid. Ón 25 Bealtaine 2018, tháinig córas nua um chosaint sonraí ar fud na hEorpa i bhfeidhm faoin RGCS. Leis an RGCS leagtar amach na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí agus gnóilachtaí maidir leis an gcaoi a mbailíonn, a n-úsáideann agus a gcosnaíonn siad sonraí pearsanta. Sainmhínítear na príomhthéarmaí a leanas sa RGCS agus úsáidtear iad tríd an ráiteas seo:

- Ciallaíonn **Sonraí Pearsanta** aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta (ábhar sonraí); Is duine nádúrtha inaitheanta é duine is féidir a aithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó le fachtóir amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le haitheantas fisiciúil, géiniteach, meabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta an duine nádúrtha sin.
- Ciallaíonn **Próiseáil Sonraí** aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar sonraí pearsanta nó ar shraith sonraí pearsanta, cibé acu go huathoibríoch nó eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó a chur ar fáil ar shlí eile, ailíniú nó teaghlaim, srianadh, scriosadh nó milleadh.
- Ciallaíonn **Rialaitheoir Sonraí** an duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a chinnfidh, ina (h)aonar nó i gcomhpháirt le daoine eile, na críocha agus na modhanna a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.
- Ciallaíonn **Rialaitheoir Comhpháirteach Sonraí** nuair a chinnfidh dhá rialaitheoir sonraí nó níos mó cuspóirí agus modhanna na próiseála i gcomhpháirt.
- Ciallaíonn **Próiseálaí Sonraí** duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora.

2. Cé a rialaíonn agus a úsáideann sonraí pearsanta a bhailítear ar eTenders?

- **Sonraí clárúcháin:** Is é an OGP an rialaitheoir sonraí agus tá sé freagrach as sonraí pearsanta a bhailítear mar chuid den phróiseas clárúcháin. Tugann alt 4 thíos mionsonraí maidir le sonraí clárúcháin.
- **Sonraí an chomórtais:** Féadfaidh Údarás Chonarthaigh sonraí pearsanta a lorg mar chuid de na doiciméid freagartha tairisceana ó sholáthraithe. Maidir le seoladh gach comórtais um sholáthar poiblí ar eTenders, is Comhrialaitheoirí Sonraí iad an OGP agus an tÚdarás Conarthach le haghaidh sonraí pearsanta a fhaightear mar chuid de na doiciméid freagartha tairisceana. Tá tuilleadh faisnéise faoin socrú seo ar fáil ag [comhshocrú rialaitheoir sonraí](#)

Tá comhaontú ceangailteach ag an OGP le EUS Holdings Limited maidir le hóstáil, próiseáil agus bainistíocht laethúil an ardáin eTenders agus chun slándáil dhícheall sonraí pearsanta a áirithiú. Is Próiseálaí Sonraí é EUS Holdings Limited le haghaidh sonraí clárúcháin agus iomaíochta úsáideoirí araon. Féadfaidh Údarás Chonarthaigh sonraí pearsanta i ndoiciméid freagartha tairisceana a roinnt le baill dá bhfoirne meastóireachta.

Leagtar amach in **alt 8** thíos cearta an Ábhair Shonraí maidir lena s(h)onraí pearsanta a bhailítear ag clárúchán úsáideora agus ar thaisceadh doiciméid freagartha tairisceana.

3. Cad is bonn leis an bpróiseáil?

- **Sonraí clárúcháin:** Is gá próiseáil na sonraí seo ag OGP chun a cuid cúraimí a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh agus i bhfeidhmiú a údaráis oifigiúil
- **Sonraí an chomórtais:** Is gá próiseáil na sonraí seo ag OGP chun a cuid cúraimí a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail agus i bhfeidhmiú a údaráis oifigiúil. Is gá don Údarás Conarthach na sonraí seo a phróiseáil chun oibleagáidí dlíthiúla an Údaráis Chonarthaigh a chomhlíonadh.

4. Sonraí Pearsanta arna bpróiseáil ar eTenders le haghaidh clárúcháin

Braitheann na sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear maidir le clárúchán ar an ardán ar an gcineál úsáideora eTenders. I d**Tábla 1** thíos léirítear na sonraí pearsanta a éilítear ag an gclárúchán do na cineálacha éagsúla úsáideoirí:

Tábla 1: Sonraí Clárúcháin agus cineálacha úsáideoirí eTenders

Sonraí Pearsanta	Cineálacha Úsáideoirí			
	Riarthóir/Úsáideoir an Údaráis Chonarthaigh	Riarthóir/Úsáideoir Soláthraí Trádála	Trádálai Aonair	Comhlacht Ionadaíochta & Leasa Phoiblí
an Chéad Ainm; Sloinne	✓	✓	✓	✓
Seoladh ríomhp hoist	✓ *	✓ *	✓ *	✓ *
Seoladh poist	✓	✓	✓ *	✓ *
Uimhir ghutháin	✓	✓	✓ *	✓ *
Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	☐**	Neamhbhainteach

* Aitheantóir féideartha le haghaidh Ábhar Sonraí

** Mar chuid de phróiseas clárúcháin eTenders, ní mór uimhir CBL (nó Uimhir Eagraíochta) a sholáthar. Féadfaidh Trádálaithe Aonair Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a sholáthar mar uimhir thagartha cánach.

5. Sonraí Pearsanta a phróiseáiltear ar eTenders le haghaidh comórtas tairisceana

Déantar sonraí pearsanta a phróiseáil ar an ardán eTenders maidir le comórtas soláthair poiblí. Léirítear sa tábla a leanas na gníomhaíochtaí próiseála soláthair ar eTenders ina bhfuil sonraí pearsanta ag teastáil:

Tábla 2: Gníomhaíochtaí Próiseála Soláthair eTenders

Sonraí Pearsanta	Gníomhaíochtaí Próiseála Soláthair					
	Fógra Tairisceana a Fhoilsiú*	Iarratas ar Rannpháirtíocht	Rochtain ar Dhoiciméid Soláthair	Soiléiriú Tairisceana	Aighneacht agus Meastóireacht Tairisceana	Fógra um Dhámhachta in Conartha a fhoilsiú
an Chéad Ainm; Sloinne	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seoladh ríomhphoist	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seoladh poist	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Uimhir ghutháin	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí **	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	✓
Sonraí pearsanta eile a d'iarr an tÚdarás Conarthach (e.g. sonraí CV)	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	✓	Neamhbhainteach

*Úsáideoirí Údarás Conarthach amháin

** Féadfaidh Trádálaithe Aonair iad a úsáid mar uimhir thagartha cánach

6. Beartha slándála a glacadh chun Sonraí Pearsanta a chosaint ar eTenders

Déileálfar leis na sonraí pearsanta a bailíodh ar chlárú d'úsáideoir nó mar chuid de chomórtas tairisceana faoi rún ar an ardán. Ní dhéanfaidh an OGP nó EUS Holdings Limited (mar Phróiseálaí Sonraí) sonraí pearsanta a roinnt nó a aistriú chuig aon tríú páirtithe ach amháin i gcás go mbíonn sé de dhualgas orthu sin a dhéanamh de réir an dlí. Tá an t-ardán eTenders á óstáil in ionad sonraí EUS Holdings Limited i Stócólm agus ní aistrítear sonraí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

Tá ardchaighdeán slándála i bhfeidhm ag an OGP i gcomhaontú le EUS Holdings Limited, trí thimpeallacht oibríochta slán agus láidir a sholáthar chun a chinntiú go gcoimeádtar sonraí pearsanta slán. Soláthraíonn an t-ardán eTenders fíordheimhniú úsáideora trí ainm úsáideora agus pasfhocal slán ar leith a thabhairt atá uathúil don úsáideoir cláraithe sin. Má ardaíonn úsáideoirí cláraithe ceist tríd an deasc chabhrach eTenders, iarrfar orthu faisnéis a sholáthar a chuirfear isteach ag an gclárúchán chun a bhféiniúlacht a fhíorú. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun freagairt do cheist shonrach an úsáideora chláraithe.

7. Coimeád sonraí

Tá an OGP faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus, dá réir sin, tá rialú teoranta aige maidir le diúscairt taifead. Faoin reachtaíocht seo, tá sé de cheangal ag OGP faisnéis a shealbhú go dtí go n-ordóidh an Chartlann Náisiúnta é a dhiúscairt.

8. Cearta Ábhar Sonraí

Faoi imthosca áirithe, tá cearta ag na hábhair sonraí faoi dhlíthe cosanta sonraí i ndáil lena sonraí pearsanta, lena n-áirítear:

- an ceart chun rochtain a iarraidh ar a gcuid sonraí pearsanta;
- an ceart chun sonraí pearsanta a cheartú;
- an ceart a iarraidh go scriostar a gcuid sonraí pearsanta;
- an ceart chun aghaidh a thabhairt ar phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta;
- an ceart srian a iarraidh ar phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta.

8.1 Sonraí Clárúcháin Úsáideoirí

- Is féidir le húsáideoir cláraithe ar mian leis/léi rochtain a fháil ar a c(h)uid sonraí pearsanta agus iad a leasú é sin a dhéanamh trí logáil isteach ar eTenders chun a p(h)róifíl úsáideora a athbhreithniú nó a leasú. Féach an doiciméad Ceisteanna Coitianta (nasc thíos) le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin ngníomh seo. Tá tacaíocht ar fáil maidir le próifílí úsáideora a rochtain tríd an nDeasc Chabhrach eTenders, r-phost: etenders@eu-supply.com Chun príobháideacht agus slándáil a chosaint, tógtar céimeanna réasúnta chun idirdhealú úsáideoirí a fhíorú sula ndéanfaítear rochtain chun sonraí pearsanta a cheartú.
- Más mian le húsáideoir cláraithe go mbainfí é/í de na gníomhaíochtaí próiseála a ndéantar cur síos orthu **Tábla 2** thuas, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh le riarthóir eTenders a (h)eagraíochta. Féach an doiciméad Ceisteanna Coitianta le haghaidh tuilleadh faisnéise nó téigh i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach eTenders.
- Más mian le húsáideoir cláraithe sonraí clárúcháin pearsanta a scriosadh, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh le riarthóir eTenders a (h)eagraíochta. Féach an doiciméad Ceisteanna Coitianta le do thoil le haghaidh tuilleadh eolais nó téigh i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach eTenders.

- Is féidir teacht ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta trí chliceáil [ANSEO](#)

8.2 Doiciméid Freagartha Tairisceana

- Más mian le hábhar sonraí rochtain a fháil ar shonraí pearsanta a cuireadh isteach mar chuid de dhoiciméid freagartha tairisceana, ba cheart dó/di dul i dteagmháil leis an Údarás Conarthach ábhartha. I gcás gur bailíodh sonraí pearsanta mar chuid de dhoiciméad freagartha tairisceana agus go bhfuil an spriocdháta in éag, ní bheidh sé indéanta an fhaisnéis seo a leasú nó a scriosadh mar ní mór é sin a choinneáil faoi na rialacháin soláthair phoiblí agus/nó mar gheall ar riachtanais na Cartlainne Náisiúnta.

9. Ceisteanna agus Gearáin

Féadfaidh úsáideoirí cláraithe ar eTenders ceisteanna nó gearán a ardú i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta tríd an Údarás Conarthach ábhartha nó;

Oifig um Sholáthair Rialtais: 3A Sráid an Mhéara Uacht., Baile Átha Cliath 1

D01 PF72

Ríomhphost: corporateoffice@ogp.gov.ie

Tá sé de cheart ag úsáideoirí cláraithe gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má tá siad míshásta le próiseáil sonraí pearsanta. Is féidir mionsonraí maidir le conas gearán a thaisceadh a fháil ar láithreán gréasáin www.dataprotection.ie nó is féidir leat glaoc ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar 1890 252 231.